



An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2017
(OR. en)

10067/17

Comhaid Idirinstitiúideacha:

2015/0270 (COD)
2016/0360 (COD)
2016/0361 (COD)
2016/0362 (COD)
2016/0363 (COD)
2016/0364 (COD)

EF 117
ECOFIN 511
CCG 20
CODEC 998

NÓTA

ó:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	An tAontas Baincéireachta a neartú / Bearta laghdaithe riosca

I. RÉAMHRÁ

1. De bhun na gConclúidí ón gComhairle maidir leis an treochlár chun an t-aontas baincéireachta a chomhlánú mar a ghlac an Chomhairle iad ar an 17 Meitheamh 2106, thíolaic an Coimisiún ar an 23 Samhain 2016 pacáiste tograí reachtacha i ndáil le bearta laghdaithe riosca (na "tograí RRM"). Is éard atá sna tograí RRM cúig cinn d'ionstraimí dlíthiúla lena leasaítear reachtaíocht atá ann cheana:

- dréachtrialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (an rialachán maidir le ceanglais chaipitil nó CRR) i dtaca leis an gcóimheas gearála, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an riosca creidmheasa contrapháirtí, leis an riosca margaí, leis na neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na neamhchosaintí ar ghnóthais chomh-infheistíochta, leis na neamhchosaintí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta;

- dréacht-treoir lena leasaítear Treoir 2013/36/AE (an treoir maidir le ceanglais chaipitil nó CRD) maidir le heintitis dhíolmhaithe, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, luach saothair, bearta maoirseachta agus bearta caomhnaithe caipitil;
- dréacht-treoir lena leasaítear Treoir 2014/59/AE (an treoir maidir le téarnamh agus réiteach na mbanc nó TTRB) agus teoracha eile maidir le cumas ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin na n-institiúidí creidmheasa agus na ngnólachtaí infheistíochta;
- dréacht-treoir lena leasaítear an TTRB maidir le rangú ionstraimí fiachais neamhurraithe san ordlathas dócmhainneachta;
- dréachtrialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 (SRMR) agus maidir le cumas ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin na n-institiúidí creidmheasa agus na ngnólachtaí infheistíochta.

Tá sé mar aidhm leis na tograí RRM thar aon rud eile an riosca foriomlán sa chóras airgeadais a laghdú trí bhainc agus institiúidí airgeadais eile (dá ngairtear "na h-institiúidí" anseo feasta) a dhéanamh níos fóna agus níos athléimní ar shuaití seachtracha, agus chun go bhféadfar an t-aontas baincéireachta a chomhlánú le Scéim Eorpach Árachais Taiscí (SEÁT)¹.

II. OBAIR SA CHOMHAIRLE

2. Lean Uachtaránacht Mhálta lena chuid oibre ar an leibhéal teicniúil, ag cur leis an dul chun cinn a bhain Uachtaránacht na hÍsiltíre agus na Slóvaice amach. Tháinig an Mheitheal Ad Hoc um Nearthú an Aontais Baincéireachta ("MAH") le chéile cúig huair sa chéad seimeastar de 2017 chun leanúint ar aghaidh leis an scrúdú ar thogra SEÁT. Tháinig an Mheitheal um Sheirbhísí Airgeadais (WPFS), atá i gceannas ar thograí RRM, le chéile ar bhonn rialta agus ar bhonn ad hoc mar a leagtar amach sa tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht.

¹ Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 chun Scéim Eorpach Árachais Taiscí a bhunú COM(2015) 586 final

3. Le linn an scrúdaithe ar thogra RRM, chinn WPFS leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Tosaíocht a thabhairt don obair ar an dréachtrialachán lena leasaítear TTRB maidir le rangú ionstraimí fiachais neamhurráithe san ordlathas dócmhainneachta:

Chinn na toscaireachtaí cur chuige ginearálta na Comhairle i ndáil leis an dréacht-treoir seo a luathú d'fhonn luath-chomhlíonadh ceanglais CIIC/ICDI a chothú. Measann na toscaireachtaí luathú na bhforálacha seo a bheith riachtanach chun bunús fóna dlí a thabhairt d'institiúidí chun maoláin fiachais incháilithe a eisiúint agus deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt d'infheisteoirí. Thíolaic an Uachtaránacht a togra comhréitigh dá réir sin mar a leagtar amach in 9479/17 é.

- Scoilte ón togra lena leasaítear CRR, na forálacha a bhaineann le céimniú isteach tionchar rialacháin Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) 9 maidir le hIonstraimí Airgeadais agus le céimniú amach na díolúine ó rialacha maidir le neamhchosaintí móra le haghaidh neamhchosaintí áirithe flaithiúnais agus na forálacha ábhartha a luathú mar dréachtrialachán neamhspleách

In 2014, d'fhoilsigh Bord na gCaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta caighdeán tuairiscithe nua IFRS 9 a bhfuil an cuspóir leis tuairisciú airgeadais ar ionstraimí airgeadais a fheabhsú le samhail réamhbhreathnaitheach lena sainaithneofar na caillteanais ionchasacha ar shócmhainní airgeadais. Ceanglófar ar institiúidí a úsáideann IFRS chun ráitis airgeadais a ullmhú IFRS 9 a chur i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí airgeadais a thosaíonn ar an 1 Eanáir 2018 nó tar éis an dáta sin.

D'fhéadfaí tionchar suntasach rialála a bheith ag IFRS 9 d'institiúidí. Leis an tsamhail nua lena sainaithneofar caillteanais ionchasacha ar shócmhainní airgeadais is dócha go mbeidh forálacha níos airde ann agus, mar thoradh air sin, laghdú i gcaipitil rialála institiúidí. Sa togra lena leasaítear CRR áirítear idirthréimhse chun an tionchar sin a mhaolú agus deis a thabhairt d'institiúidí tionchar díobhálach ionchasach IFRS 9 a chéimniú isteach ar a gcóimheasa caipitil ar feadh tréimhse. Chomhaontaigh WPFS gur gá an céimniú isteach a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2018 le go mbeidh comhsheasmhacht le hamchlár IFRS 9 agus, dá réir sin, chinn sí Airteagal 473a a scoilteadh ón togra bunaidh agus a theacht i bhfeidhm a luathú.

Chomhaontaigh WPFS freisin tacar socruithe idirthréimhseacha a chur leis an dréachtrialachán céanna chun an díolúine ón teorainn ar neamhchosaint mhór i gcás neamhchosaintí ar fhiachas áirithe earnála poiblí Ballstát a ainmnítear in airgeadraí nach airgeadraí baile na mBallstát iad a chéimniú amach. Úsáidtear an díolúine sin faoi láthair in institiúidí i roinnt Ballstát nach bhfuil sa limistéar Euro i ndáil lena sealúchais ar fhiachais phoiblí a ainmnítear in euro de chuid na mBallstát sin agus, mura leasaítear CRR, scoirfidh sí d'fheidhm a bheith aici tar éis an 31 Nollaig 2017. Thíolaic an Uachtaránacht a togra comhréitigh dá réir sin mar a leagtar amach in 9480/17 é.

I gcomhsheasmhacht leis an gComhairle, chinn Parlaimint na hEorpa IFRS 9 agus na hidirthréimhsí a bhaineann le neamhchosaintí móra a scoilteadh agus a luathú.

4. D'ullmhaigh an Uachtaránacht tuarascáil ar dhul chun cinn ina gcumhdaítear toradh an phlé maidir le bearta laghdaithe riosca agus bearta comhroinnte riosca. Cuirtear i láthair sa tuarascáil tuairimí na hUachtaránachta maidir leis an dul chun cinn a rinneadh, mar a leagtar amach in 9484/17.
5. Ar an 6 Meitheamh 2017 dheimhnigh Coiste na mBuanionadaithe (COREPER) comhaontú maidir leis na téacsanna réitigh Uachtaránachta thuasluaite. Ag an gcruinniú, d'iarr roinnt toscaireachtaí athruithe ar théacs na tuarascála ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht. Thug an cathaoirleach air féin machnamh a dhéanamh agus ag an am céanna mheabhraigh sé dó go bhféadfaí an chothromaíocht a baineadh amach go dtí seo a chur as riocht má dhéantar tuilleadh athruithe ar an tuarascáil ar dhul chun cinn.
6. Ar an 12 Meitheamh 2017, tháinig COREPER ar chomhaontú maidir le leasuithe ar an tuarascáil ar dhul chun cinn mar a leagtar amach iad in 9484/1/17 REV 1.

III. CONCLÚID

7. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrann COREPER ar an gComhairle an méid a leanas a dhéanamh:

- teacht ar chomhaontú ar chur chuige ginearálta maidir leis an togra le haghaidh treoir lena leasaítear Treoir 2014/59/AE maidir le rangú ionstraimí fiachais neamhurratithe san ordlathas dócmhainneachta, mar a leagtar amach in 9479/17 é;
- teacht ar chomhaontú ar chur chuige ginearálta maidir leis an togra le haghaidh treoir lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir leis an idirthréimhse ina maolófar an tionchar a bheidh ann mar gheall ar thabhairt isteach IFRS 9 ar chistí dílse agus an tionchar a bheidh ann mar gheall ar láimhseáil neamhchosaintí móra i gcás neamhchosaintí áirithe san earnáil phoiblí a ainmnítear in airgeadraí nach airgeadraí baile de chuid na mBallstát iad, mar a leagtar amach in 9480/17 é; agus,
- an tuarascáil ar dhul chun cinn a leagtar amach in 9484/1/17 REV 1 a thabhairt dá haire.
